Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 30

# Talmhaíocht, Bia agus Muir

# Réamhrá

Tá dualgas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 ar thuarastail agus ar speansais in Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus maidir le Coimisiún Talún na hÉireann agus deontais, fóirdheontais agus deontais áirithe eile a íoc, agus maidir le deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgead teoranta agus obair fheabhsúcháin ar Inis Sionnach.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna

a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair, agus
b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2018 as leithreasuithe 2017 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €178.172 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Imlitir 24 de 2018 i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas seo á ullmhú, seachas sna cásanna seo a leanas:

***Sócmhainní caipitiúla***

Tá sceideal faoin talamh agus faoi na foirgnimh ar fad arna riar ag an Roinn iarcheangailte leis an gcuntas, in Aguisín A. De bharr nach bhfuil luachálacha do na maoine sin go léir ar fáil, áfach, níl siad san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitiúla.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialála airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh á chothabháil agus á chur i bhfeidhm ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach.

***Timpeallacht rialála airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a chur orm i ndáil leis na freagrachtaí atá orm maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Gnáis rialála maidir le cúrsaí riaracháin agus tuairiscíocht bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann na nithe seo a leanas:

- córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim iomchuí ar an dea-chleachtas maidir le cúrsaí soláthair agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Cuireadh nócha is a naoi gconradh, arbh ionann a luach agus €17,750,729, san áireamh i dtuairisceán Imlitir 40/2002 ós rud é go sáraíonn siad na tairsí tuairiscithe €25,000, agus gur bronnadh iad inter alia gan phróiseas iomaíoch, mar seo a leanas:

- Meastar caoga a dó conradh a raibh caiteachas €13,848,190 i gceist leo a bheith neamhiomaíoch ach comhlíontach agus baineann siad le seirbhísí atá de dhíth d'fhonn a chinntiú go ndéantar beartais na Roinne i leith sábháilteachta bia, sláinte ainmhithe/plandaí agus leas ainmhithe, seirbhísí corparáideacha lena n-áirítear bainistiú saoráidí,TF, frainceáil agus seirbhísí seomra poist, glanadh ar conradh, táirgí stórais agus idirghabhála, gléasra ar cíos, sainchomhairleoireacht ar conradh, cothabháil ardaitheoirí in ionaid iascaigh agus taighde a chur ar fáil.
- Meastar daichead is a seacht gconradh a raibh caiteachas €3,902,539 i gceist leo a bheith neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach araon. Baineann na conarthaí seo, den chuid is mó, le soláthairtí dílsithe saotharlainne, i gcúinsí inar sháraigh caiteachas comhiomlán ar fud na Roinne leis an díoltóir an tairseach ábhartha, nó nuair nár úsáideadh an próiseas iomaíoch cuí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na conarthaí seo faoi láthair lena gcomhlíontacht a chinntiú trí mheasúnacht ex-ante a dhéanamh ar cheannacháin amach anseo.

Is é beartas na Roinne seo leas a bhaint as gach creatlach atá ar fáil go lárnach a luaithe is a chuirtear i bhfeidhm iad agus teagmháil a dhéanamh leis an Oifig um Sholáthar Rialtais/an tSeirbhís um Sholáthar Oideachais nuair is cuí maidir le riachtanais níos sonraithe.

Beidh Beartas Soláthair nua chomh maith le treoirlínte soláthair nua á nglacadh ag an Roinn romhainn chun treoir phraiticiúil nós imeachta a chur ar fáil maidir le soláthar . Cuirfear an beartas/na treoirlínte i bhfeidhm ar fud na Roinne, agus go háirithe ar fud an ghrúpa oifigeach idirchaidrimh soláthair a bunaíodh in 2018 chun cuidiú le dea-chleachtas soláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Chomh maith leis sin, beidh an Láraonad Soláthair anois ag cur traenáil leanúnach ar chúrsaí soláthair ar fáil ar fud gach réimse oibre agus tá comhairle sonraithe á cur ar fáil i réimsí faoina gcuireann leibhéil chomhlíontachta deiseanna ar fáil i leith feabhais.

***Iniúchadh inmheánach agus coiste iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

Tá roinnt bealaí ag an Roinn le hathbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar a córas rialaithe agus bainistíochta airgeadais ar bhonn leanúnach. Áirítear orthu sin a Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a Coiste Iniúchta agus a córas bainistithe riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, a bhfuilim i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchta AE agus déanann monatóireacht ar an dul chun cinn atáthar a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna rialaithe aitheanta agus maidir le ceanglais creidiúnaithe atá leagtha síos faoi rialachán a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta an AE a chomhlíonadh.

Bíonn an Roinn faoi réir raon iniúchtaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ag an aonad iniúchta inmheánaigh, ag Cúirt Iniúchóirí an AE, ag Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách - cuideachta cuntasaíochta ghairmiúil - a dheimhníonn na cuntais bhliantúla EAGF agus EAFRD. I 2018, bhí an Roinn faoi réir tuairim is 2,300 daonlaethanta iniúchta ag na comhlachtaí sin. Chuir mé dearbhú bainistíochta ar fáil don chomhlacht deimhnithe maidir le cuntais bhliantúla AE mar a éilítear le Rialachán 1306/2013 ón gComhairle.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tugadh le fios i dtuarascáil iniúchta inmheánaigh ar chóras bainistithe riosca na Roinne i 2017 go raibh laigí ag forbairt de réir a chéile sa struchtúr rialachais mar a bhaineann le bainistiú riosca, go raibh roinnt fadhbanna teicniúla ag baint leis an mbunachar sonraí riosca a raibh easnamh féideartha ar rialú mar thoradh orthu agus go raibh an leibhéal gníomhaíochta a bhain le bainistiú riosca agus le monatóireacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca sa Roinn faoi na leibhéil barrmhaitheasa.

Rinneadh obair ollmhór ó shin i leith chun moltaí thuarascáil an iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus leanadh de sin le linn 2018.

- Neartaíodh struchtúir rialachais tríd an gCoiste Riosca a athbhunú, chun teacht le chéile uair sa ráithe agus trí acmhainní breise a chur ar fáil don Fhoireann Bainistithe Riosca (FBR). Scríobhadh nósanna imeachta FBR maidir le bainistiú riosca.
- Chuaigh baill FBR an RTBM i dteagmháil le RCPA mar chuid de ghrúpa úsáideora tras-rannach d'fhonn córas bainistithe riosca SharePoint a leagan amach – tugadh na pléití maidir le feidhmiúlacht chun críche in R4 2018 agus táthar ag súil go gcuirfidh grúpaí fócais tús lena thástáil roimh dheireadh R1.
- Córas eatramhach – rinneadh ollchóiriú iomlán ar an gcóras bainistithe riosca chun feidhmiúlacht agus an comhéadan úsáideora a fheabhsú. Rinneadh tástáil ar an gcóras eatramhach agus cuireadh i bhfeidhm é an 27 Meán Fómhair 2018.
- Tá tús curtha ag FBR le clár chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht a bhaineann le bainistiú riosca. Laghdaíodh rioscaí dearga tríd an bpróiseas seo ó 26 go 7 gcinn.
- Rinneadh Beartas Bainistithe Riosca na Roinne, ina gcuimsítear ráiteas inghlacthachta riosca, a leasú agus a cheadú ag leibhéal an Bhoird Bainistíochta an 10 Nollaig 2018.
- Chuir baill na foirne bainistithe riosca agus baill an aonaid iniúchta inmheánaigh traenáil i gcrích maidir le bainistiú riosca agus calaois. Bhí traenáil ar bun in R4 2018.
- Tá lámhleabhar úsáideora don chóras eatramhach curtha i gcrích agus déanfar an Beartas Bainistithe Riosca agus an traenáil d'úsáideoirí a chur i bhfeidhm i ngach rannán, ag tosú in R2 2019.
- Cuireadh catagóir ar leith 'Breatimeachta', chomh maith leis na cineálacha rioscaí lena mbaineann, leis an gcóras bainistithe riosca.
- Rinneadh Beartas Calaoise na Roinne a nuashonrú agus ceadaíodh é ag leibhéal an Bhoird Bainistíochta i nDeireadh Fómhair 2018.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha agus in am trátha. Dearbhaím go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Rioscaí airgeadais móra***

**a) An Breatimeacht**

Cruthaíonn cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht as an AE dúshláin ollmhóra don earnáil agraibhia agus don Roinn. Fágann an bhaint atá ag an earnáil le margadh na Ríochta Aontaithe, agus an nádúr ard comhtháite atá ag baint le slabhraí soláthair na hÉireann/na Ríochta Aontaithe go bhfuil an tír seo ach go háirithe i mbaol ag tionchair an Bhreatimeachta, de bharr go bhféadfadh taraif ar tháirgí agraibhia chomh maith le costais agus moill bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr rialú allmhairithe agus ceanglais deimhnithe onnmhairithe.

Tá an Roinn ag tabhú costas le tamall anuas mar gheall ar an mBreatimeacht, i ndáil le forbairt TF ach go háirithe agus tá baill foirne bhreise á bhfostú le tamall beag anuas mar gheall ar an mBreatimeacht. Meastar go gcuirfear tús le caiteachas ar na tionscadail bhonneagair níos déanaí i mbliana nuair a dhéanfar cinneadh rialtais maidir le cibé an ndéanfar an caiteachas Breatimeachta ar fad a mhaoiniú as ciste lárnach nó an bhféachfaidh an OOP le íocaíochtaí a fháil ar ais ó gach Roinn ábhartha. Tá tús curtha le caiteachais eile, a thagann as bearta tacaíochta buiséid le déanaí a bhaineann leis an mBreatimeacht, go háirithe maidir le ranníocaíochtaí do na scéimeanna iasachta ísealchostais agus maoiniú breise do Bhord Bia agus Teagasc chun feabhas a chur ar éagsúlacht margaidh agus táirgí.

**b) Laigí sa rialú maidir le sócmhainní seasta**

Bunaíodh aonad bainistithe sócmhainní tiomnaithe in Eanáir 2017 agus tá roinnt laigí rialaithe maidir le sócmhainní seasta aimsithe i rith na hoibre go dtí seo. Ní féidir méid róluachála ná gannluachála chlár sócmhainní na Roinne a ríomh ag an bpointe seo, ach de bharr gurb é an t-aonad a chinntíonn catagóirí na sócmhainní, déanfar coigeartuithe amach anseo ar an gclár sócmhainní maidir le sócmhainní nach féidir teacht orthu go fisiciúil.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, agus an bhainistíocht shinsearach sa roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil i leith obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

***Saincheisteanna rialála airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánaigh sna ráitis airgeadais maidir le 2018 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

***Slándáil TFC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais seo ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta aisghabhála/cúltaca doiciméadaithe i bhfeidhm do na sonraí ríthábhachta go léir, lena n-áirítear seirbhísí stórála as an láthair atá slán agus saoráidí aisghabhála i gcás tubaiste. Tá aonaid tiomanta comhordaithe slándála TF agus cibearshlándála ag an Roinn agus tá sí forghníomhach i bhforbairt agus cur chun cinn polasaithe slándála TF. Bíonn socruithe slándála TF faoi réir ag athbhreithniú ó rannóg iniúchta TF an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh. Chomh maith leis sin bíonn an Roinn faoi réir ag iniúchadh creidiúnaithe bliantúil, ina cáil mar ghníomhaire íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. I 2016, bhain an Roinn creidiúnú amach faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise a ghlacadh mar bhunús dá slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin seo, tá an Roinn faoi réir ag iniúchtaí leathbhliantúla chun comhlíontacht leantach chaighdeán slándála faisnéise ISO27001:2013 a chinntiú.

***Dearbhú ar sheirbhísí comhroinnte***

An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna pá rolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte atá freagrach as rialuithe a chur i bhfeidhm sna hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a chur ar fáil maidir le feidhmiú na rialuithe laistigh de na seirbhísí comhroinnte. Is meascán den méid seo a leanas atá sa dearbhú seo

a) Obair iniúchta inmheánaigh arna cur i gcrích ag Aonad Iniúchta Inmheánaigh Oifig Náisiúnta na Seirbhíse Comhroinnte, agus
b) Iniúchtaí atá á ndéanamh ag comhlachtaí cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá deartha chun tuairisciú do ranna úsáideora agus a n-iniúchóirí ar na rialuithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Cuimsíonn na hiniúchtaí (i) measúnú ar ullmhacht chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus anailís ar bhearnaí a sholáthar, óna leanann (ii) tuarascáil ar dhearadh agus láithreacht rialuithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu ar oibrigh nó nár oibrigh na rialuithe go héifeachtach.

Sholáthair an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte litir dom ina dtugtar cuntas ar dhul chun cinn maidir leis an bpróiseas um dhearbhú iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus táthar ag súil leis go ndéanfar torthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, láithreacht agus oibriú na rialuithe a thuairisciú dom, faoi mar a leagtar amach sa litir sin.

Glacaim le dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte faoi mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte dom.

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

23 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

#### *Deontais foraoiseachta*

Scrúdaítear i gCaibidil 10 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí don bhliain 2018 dul chun cinn ar chlár foraoiseachta na Roinne a chur i bhfeidhm.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2019

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 225,578 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,023) | | | |
| | | | 223,555 | 221,536 | 204,314 |
| B | Tacaíochtaí agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 798,761 | | | |
| | *Forlíontach* | 26,615 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 23,800 | | | |
| | | | 849,176 | 823,173 | 726,326 |
| C | Beartas agus Straitéis | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 367,498 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,991 | | | |
| | | | 375,489 | 370,120 | 338,396 |
| D | An Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 141,074 | | | |
| | *Forlíontach* | (2,583) | | | |
| | | | 138,491 | 131,424 | 118,720 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,532,911 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 23,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 30,000 | | | |
| | | | **1,586,711** | **1,546,253** | **1,387,756** |
| ***Asbhain*** | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 282,070 | | | |
| | *Forlíontach* | 29,999 | | | |
| | | | **312,069** | **471,783** | **258,905** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 1,250,841 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 23,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **1,274,642** | **1,074,470** | **1,128,851** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Cuireadh leithdháiltí maidir le heilimintí caipitil an Vóta nár caitheadh arbh ionann iad agus €22 milliún ar aghaidh go dtí 2019.

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 200,171,768 | 24,007,303 |
| Géilleadh iarchurtha | (22,000,000) | (23,800,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **178,171,768** | **207,303** |

**Brendan Gleeson**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

23 Meán Fómhair 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | 1,308,711 | 1,164,295 |
| Pá | | 172,628 | 162,511 |
| Neamhphá | | 64,914 | 60,950 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,546,253** | **1,387,756** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | 471,783 | 258,905 |
| **Glanchaiteachas** | | **1,074,470** | **1,128,851** |
| | | | |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead tirim) | (5,041) | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (37) | | |
| Diúscairtí airgid | 40 | | |
| Dímheas | 4,143 | | |
| | | (895) | (700) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 61,793 | | |
| Laghdú ar stoc | 151 | | |
| | | 61,944 | (102,893) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,135,519** | **1,025,258** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Measchíosanna | | 7,713 | 7,373 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 78,064 | 73,956 |
| **Glanchostas chláir** | | **1,221,296** | **1,106,587** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 30 a iompraíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 13 | 5 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 72,912 | 69,900 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,548 | 3,385 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 321 | 379 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | 270 | 287 |
| | **78,064** | **73,956** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitiúla** | 2.2 | 12,408 | 12,305 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 55,896 | (26,846) |
| Stoic | 2.4 | 2,084 | 2,235 |
| Réamhíocaíochtaí | | 22,333 | 12,547 |
| Ioncam fabhraithe: | | | |
| Maoiniú EAFRD dlite ón AE | | 152,227 | 217,802 |
| Méideanna eile dlite ón AE | | 340 | 440 |
| Ró-íocaíochtaí scéime | 6.2 | 2,281 | 1,087 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | | 6,203 | 6,717 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 960 | 761 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 242,324 | 214,743 |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 12,658 | 6,074 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 25,338 | 23,203 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 31,518 | (49,288) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 69,514 | (20,011) |
| | | | |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 172,810 | 234,754 |
| **Glan-sócmhainní** | | **185,218** | **247,059** |
| | | | |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **185,218** | **247,059** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta: | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 247,059 | 143,466 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 1,274,642 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (22,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (178,172) | | |
| Vóta glan | | | 1,074,470 | 1,128,851 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 78,064 | 73,956 |
| Míreanna neamh-airgid - sócmhainní aistrithe | 2.2 | | (792) | — |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 7,713 | 7,373 |
| Glanchostas clár | 1 | | (1,221,296) | (1,106,587) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **185,218** | **247,059** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil[a]

| | Trealamh TF | Mótarfheithiclí agus innealra eile | Troscán agus feistis | Trealamh oifige agus trealamh eile | Sócmhainní arna bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 139,732 | 8,560 | 14,422 | 89,300 | 171 | 252,185 |
| Suimeanna breise | 2,493 | 426 | 159 | 1,963 | — | 5,041 |
| Diúscairtí | (1,330) | (136) | — | (413) | — | (1,879) |
| Aistriú chuig an gCiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh[b] | — | (1,924) | — | (1) | — | (1,925) |
| Arna dtabhairt chun úsáide | — | 171 | — | — | (171) | — |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 140,895 | 7,097 | 14,581 | 90,849 | — | 253,422 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 134,038 | 6,595 | 13,900 | 85,347 | — | 239,880 |
| Dímheas don bhliain | 2,141 | 402 | 159 | 1,441 | — | 4,143 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,330) | (133) | — | (413) | — | (1,876) |
| Aistriú chuig an gCiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh[b] | — | (1,132) | — | (1) | — | (1,133) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2018 | 134,849 | 5,732 | 14,059 | 86,374 | — | 241,014 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **6,046** | **1,365** | **522** | **4,475** | **—** | **12,408** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 5,694 | 1,965 | 522 | 3,953 | 171 | 12,305 |

Nótaí

[a] Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil smacht ag an Roinn orthu nó atá á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil aon luacháil déanta orthu. Tá liosta díobh in aguisín A.

[b] Rinneadh sócmhainní sna catagóirí mótharfheithiclí agus innealra eile, agus trealamh oifige agus trealamh eile arna dtaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne ach atá in úsáid ag Lárionaid Chuanta Iascaigh, a aistriú chuig clár sócmhainní na Lárionad Cuain Iascaigh le héifeacht ón 1 Eanáir 2018.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid an PMG | 54,963 | (29,330) |
| Iarmhéideanna bainc tráchtála | 933 | 2,484 |
| | **55,896** | **(26,846)** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthairtí saotharlainne agus ceimiceáin | 515 | 452 |
| Soláthairtí stáiseanóireachta | 78 | 157 |
| Soláthairtí ríomhaireachta | 9 | 47 |
| Soláthairtí tréidliachta | 1,025 | 1,168 |
| Beostoc | 284 | 289 |
| Stoc talmhaíochta | 137 | 80 |
| Soláthairtí glantacháin | 9 | 6 |
| Stoic ola | 27 | 36 |
| | **2,084** | **2,235** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Óinchistí agus costais infhorchúitithe taistil | 180 | 155 |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail | 41 | 52 |
| Airleacain chuig OOP | 669 | 486 |
| Scéim um shonraí agus géanómaíochta mairteola | 70 | 68 |
| | **960** | **761** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 2.394 | 2,337 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 1,393 | 1,353 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 1,224 | 1,193 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,662 | 1,483 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | — | 1 |
| Aoisliúntas | 538 | 476 |
| CBL ar Dhíolacháin | (317) | (62) |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 25 | 25 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 517 | 542 |
| | 7,436 | 7,348 |
| Urrúis | 2,720 | 233 |
| Díolacháin agus tobhaigh chuóta bainne | — | 539 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidicídí | 240 | 562 |
| Airleacain AE | 8,672 | 8,498 |
| Aisíocaíocht atá dlite don AE | 7 | 2,205 |
| Míreanna ilghnéitheacha | 1,312 | 1,763 |
| Eile | 4,951 | 2,055 |
| | **25,338** | **23,203** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 178,172 | 207 |
| Géilleadh iarchurtha | 22,000 | 23,800 |
| Deontas ón státchiste nár tarraingíodh | (168,654) | (73,295) |
| **Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste** | **31,518** | **(49,288)** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 55,896 | (26,846) |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 960 | 761 |
| | 56,856 | (26,085) |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,436) | (7,348) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (17,902) | (15,855) |
| | (25,338) | (23,203) |
| | **31,518** | **(49,288)** |

## 2.8 Tiomantais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **a) Tiomantais Dhomhanda** | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 118,488 | 93,251 |
| Cláir dheontais | 857,980 | 1,201,821 |
| Cláir dheontais caipitil | 700,202 | 732,301 |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **1,676,670** | **2,027,373** |

**b) Deontais neamhchaipitil**

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlite i 2019 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Taighde bia | 17,456 | 47,907 | 65,363 | 55,492 |
| Deontais don earnáil orgánach | 12,000 | 22,794 | 34,794 | 45,063 |
| Scéim luathscoir | 330 | — | 330 | 1,239 |
| An Scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 168 | — | 168 | 205 |
| An Scéim um roghanna comhshaol talmhaíochta | 898 | — | 898 | 9,878 |
| An clár um shonraí géanómaíochta mairteola | 49,017 | 53,121 | 102,138 | 159,139 |
| An Scéim Ghlas, Íseal-Charbóin, Agra-chomhshaoil | 207,425 | 321,441 | 528,866 | 784,256 |
| Aistriú eolais | 22,000 | 9,000 | 31,000 | 55,200 |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil - reatha | 11,158 | 29,682 | 40,840 | 24,413 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh – reatha | 3,174 | 2,485 | 5,659 | 3,936 |
| Leas caorach | 18,000 | 27,360 | 45,360 | 63,000 |
| Forbairt ghairmiúil leanúnach | 67 | — | 67 | — |
| An chomhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach | 900 | 1,042 | 1,942 | — |
| Bainne agus torthaí scoile | 111 | 444 | 555 | — |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **342,704** | **515,276** | **857,980** | **1,201,821** |

**c) Deontais chaipitil**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 732,301 | 732,188 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (184,619) | (137,997) |
| Tiomantais nua | 166,137 | 175,042 |
| Dídhílsithe deontais | (13,617) | (36,932) |
| Iarmhéid deiridh | **700,202** | **732,301** |

**(d) Cláir chaipitil**

| | 2018 | | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | Dlite in 2019 | Blianta ina dhiaidh sin | Iomlán | Iomlán |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Deontais infheistíochta caipitil | 1,612 | — | 1,612 | — |
| Foraoisiú | 91,419 | 472,424 | 563,843 | 610,902 |
| Scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta | 70,000 | 35,358 | 105,358 | 95,303 |
| Scéim ghairneoireachta | 1,744 | — | 1,744 | 1,577 |
| Clár athfhorbartha Chaisleán Bhaile Sheáin | 1,020 | — | 1,020 | 3,520 |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil - caipitil | 25 | — | 25 | 99 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | 1,000 | 573 | 1,573 | 600 |
| Togra leasúcháin Inis Sionnach | 2,550 | 124 | 2,674 | 11,000 |
| Iascaigh | 22,353 | — | 22,353 | 9,300 |
| Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí | **191,723** | **508,479** | **700,202** | **732,301** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur mhéadaigh/laghdaigh ceangaltais ilbhliantúla níos mó ná €500,000 ó 2017 go 2018.

| Cur síos | Méid an mhéadaithe/(laghdaithe) €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 25,237 | Tháinig méadú ar thiomantais mar gheall ar chonarthaí bainistíochta faisnéise agus teicneolaíochta nua ar cuireadh tús leo in 2018. |
| Taighde bia | 9,871 | Tháinig méadú ar thiomantais mar gheall ar dhámhachtainí taighde nua a comhaontaíodh in 2018. |
| Deontais don earnáil orgánach | (10,269) | Tháinig laghdú ar thiomantais de réir mar atá íocaíochtaí ag dul ar aghaidh mar a rinneadh cur síos orthu agus osclaíodh tráinse eile den Scéim Feirmeoireachta Orgánaí in 2018, agus mhéadaigh tiomantais go dtí €250,000 dá bharr. Rinne roinnt cásanna a dtiomantas don scéim a tharraingt siar/a thabhairt chun críche agus déanfaidh an tiomantas breise do na hiarratasóirí nua na coigiltí seo a fhritháireamh. |
| Scéim luathscoir | (909) | Tá an scéim dúnta d'iarratasóirí nua agus tá na híocaíochtaí ag dul ar aghaidh mar a rinneadh cur síos orthu. |
| An scéim um roghanna comhshaol talmhaíochta | (8,980) | Tugadh an scéim AEOS III chun críche i Nollaig 2018 agus íocadh formhór na rannpháirtithe de réir mar a bhí beartaithe. Tá an líon beag rannpháirtithe fós le híoc in 2019. |
| An clár um shonraí & géanómaíochta mairteola | (57,001) | Tá na híocaíochtaí ag dul ar aghaidh mar a rinneadh cur síos orthu, ach bunaithe ar an líon daoine atá rannpháirteach i BDGP I agus BDGP II faoi láthair, tá na tiomantais réamh-mheasta go dtí deireadh na gclár laghdaithe de €8 milliún. |
| An Scéim Ghlas, Íseal-Charbóin, Agra-chomhshaoil | (255,390) | Sa bhreis ar na híocaíochtaí a bhí beartaithe a dhéanamh, bhí laghdú ar líon na ndaoine a bhí rannpháirteach go gníomhach agus, nuair a ghlactar meánrátaí íocaíochta níos ísle san áireamh, tá tiomantas níos ísle mar thoradh air sin. |

| Cur síos | Méid an mhéadaithe/(laghdaithe)<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Aistriú eolais | (24,200) | Tá na híocaíochtaí ag dul ar aghaidh, ach níos moille ná mar a rinneadh cur síos orthu cheana toisc cásanna níos lú a bheith ceadaithe i leith íocaíochta ná mar a rabhthas ag súil leo le linn na sraitheanna íocaíochta tosaigh. Chomh maith leis, tharraing roinnt rannpháirtithe siar ón scéim. |
| Scéimeanna faoi threoir áitiúil – reatha | 16,427 | Glacadh 549 feirmeoir isteach i gClár Chromán na gCearc in 2018 anuas ar an 80 a bhí ann ar dtús. I 2018 fógraíodh an dara glao ar mhaoiniú na Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí inar síníodh naoi gconradh eile arbh fhiú beagán níos lú ná €10 milliún iad. Tá laghdú tagtha ar thiomantais a bhí dlite faoi chlár Bhoirne. |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - reatha | 1,723 | Mhéadaigh an caiteachas do 2018 mar a rinneadh cur síos air ó mheastachán €1.3 milliún go dtí €1.7 milliún mar gheall ar chaiteachas ar thionscadail bhreise a ceadaíodh in 2018. Mhéadaigh tiomantais go dtí beagnach €3.5 milliún mar gheall ar cheaduithe breise do scéimeanna 2018. |
| Leas c aorach | (17,640) | Cuireadh tús leis an scéim seo i 2017 agus tiomantais á n-íoc de réir mar a rinneadh cur síos orthu. |
| Forbairt ghairmiúil leanúnach | 67 | Osclaíodh scéim nua faoin gClár forbartha tuaithe d'fhonn uas-sciliú agus forbairt ghairmiúil leanúnach a bheith ar fáil d'éascaitheoirí agus do thréidlianna atá rannpháirteach sa chlár aistrithe faisnéise a osclaíodh i 2018. |
| An chomhpháirtíocht nuálaíochta Eorpach | 1,942 | Osclaíodh scéim nua do thionscadail nua nuálacha in 2018 faoin gclár forbartha tuaithe. |
| Bainne agus torthaí scoile | 555 | Tá an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath ar conradh ag an Roinn chun measúnacht a dhéanamh ar an scéim bainne & torthaí scoile suas go dtí 2022/23, na blianta sin san áireamh. |
| Deontais infheistíochta caipitil | 1,612 | Cuireadh ciste infheistíochta caipitil ar fáil d'onnmhaireoirí bia ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad i 2018 a chuirtear i bhfeidhm trí Fiontar Éireann. |
| Foraoisiú | (47,059) | Ní dhearnadh ach leath den chur a rabhthas ag súil leis de bharr na drochaimsire i mí an Mhárta agus de bharr an teaspaigh mhóir i rith an tsamhraidh. Chomh maith leis sin, bhí laghdú ar an méad ceaduithe a eisíodh mar gheall ar nósanna imeachta measúnaithe agus achomhairc a bheith ag athrú. |
| Scéimeanna spriocdhírithe nuachóirithe talmhaíochta | 10,055 | B'ionann an buiséad le haghaidh TAMS II i 2018 agus €70 milliún. €66.7 milliún an caiteachas iarbhír a bhí ann. Ba mar gheall go raibh an méid éilimh a cuireadh ar aghaidh i ndáil le héilimh ar íocaíochtaí le linn 2018 a bheith beagán níos lú ná mar a measadh. Ag deireadh na bliana 2018, bhí 17,698 ceadú eisithe, agus bhí 7,710 éileamh ar íocaíocht faighte. Astu sin, bhí 6,747 díobh íoctha ag deireadh na bliana 2018. Eisíodh 6,635 ceadú in 2018 agus b'ionann a luach sin agus €95.87 milliún. |

| Cur síos | Méid an mhéadaithe/(laghdaithe) | Míniú |
|---|---|---|
| | €000 | |
| Clár athfhorbartha Chaisleán Bhaile Sheáin | (2,500) | Chuaigh íoc amach na dtiomantas ar aghaidh níos luaithe ná mar a bhí beartaithe le linn 2018 agus tabharfar an tionscadal chun críche de réir mar a bhí beartaithe i 2019. |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - caipiteal | 973 | Bhí an caiteachas a ndearnadh gearrchuntas air do 2018 agus 2017 de réir mar a measadh agus tabhaíodh €250,000 breise ar scéimeanna a ceadaíodh in 2018. Chuir na scéimeanna breise sin méadú €1.5 milliún ar thiomantais. |
| Togra leasúcháin Inis Sionnach | (8,326) | Caitheadh €9.7 milliún den €10 milliún a ndearnadh gearrchuntas air don bhliain i 2018. Eisíodh ceadú chun bóthar rochtana, céim II, a chríochnú agus chuir sin méadú €1.375 milliún ar thiomantais don bhliain 2019. |
| Iascaigh | 13,053 | Léirítear leis an tiomantas sin go bhfuil tionscadail chaipitil a ndeachthas ina mbun i 2018 agus a bhfuil maoiniú faighte acu faoin vóta aitheanta sna Lárionaid Chuanta Iascaigh. |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn rannpháirteach i líon imeachtaí dlí ar feitheamh a bhféadfadh dliteanais a thabhú, ag brath ar an toradh a bheidh ar an dlíthíocht. Tá aon tsuim iarbhír nó tráthúlacht na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist neamhchinnte.

Mar thoradh ar chinneadh an Rialtais ar 14 Meitheamh 2011, ghlac an tAire ceannasaíocht ar an obair leasúcháin ar láthair Inis Sionnach. Cheadaigh cinneadh eile a rinne an Rialtas ar 28 Bealtaine 2015 buiséad scéime iomlán €61 mhilliún don tionscadal. Is €22.9 milliún méid an chaiteachais atá tabhaithe ag an Roinn don togra suas go dtí deireadh na bliana 2018. De réir na meastachán is deireanaí, táthar ag meas go dtabharfar togra leasúcháin Inis Sionnach chun críche i 2022.

Tá an Roinn ar an eolas faoi fhionraí sealadach i ndáil le próisis agus rialuithe a chur i bhfeidhm faoi Scéim Oibríochta EMFF na hÉireann. Tá an tAire i mbun reachtaíocht phríomha a ullmhú faoi láthair faoina gcuirfear córas pointí i bhfeidhm a bhainfidh le máistrí soitheach iascaireachta. Tá comhairle an Ard-Aighne á meas go práinneach aige faoi láthair chomh maith maidir le córas pointí ar leithligh do shealbhóirí ceadúnais.

Tá gach iarracht á déanamh ag Éire cloí leis na hoibleagáidí faoi rialachán rialaithe an AE chun na córais pointí sin a chur i bhfeidhm. Chuir an Coimisiún Eorpach íocaíochtaí aisghabhála le hÉirinn i ndáil le caiteachas rialaithe agus feidhmiúcháin ar fionraí i 2018 áfach agus bhí an Coimisiún ag coinneáil €6.086 milliún in íocaíochtaí ar fionraí siar ag deireadh na bliana.

Déantar foráil faoi Rialacháin an AE nach mór don Choimisiún na híocaíochtaí ar fionraí a scaoileadh nuair a bheidh Éire ag comhlíonadh ceanglais an chórais pointí go hiomlán.

Tá an Roinn ar an eolas maidir le smachtbhanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le nithe a aithníodh i ndáil le rialuithe sa chóras a mbaintear úsáid astu chun gabháltais pheiligeacha agus gabháltais den Tuinnín Gorm a mheáchan. De bharr gurb é an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, atá freagrach de réir dlí as rialú oibriúcháin, páirteach i bpróiseas leanúnach leis an gCoimisiún ar an ábhar sin, bíonn neamhchinnteacht ag baint le méid nó le tráthúlacht aon dliteanais a d'fhéadfadh a bheith i gceist, más ann dóibh ar chor ar bith.

Tá an Roinn ar an eolas chomh maith maidir le neamhcheadú a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le gnéithe áirithe den leithroinnt teidlíochtaí faoi scéim na híocaíochta bunúsaí. Mar gheall go bhfuil an Roinn i mbun próiseas foirmeálta leanúnach imréiteach cuntas leis an gCoimisiún, tá suim nó tráthúlacht achtúireach na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist neamhchinnte.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar riar an chaiteachais

| | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 177,115 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,600) | | | |
| | | | 173,515 | 172,628 | 162,511 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 7,200 | 8,624 | 7,762 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 5,950 | 5,102 | 5,010 |
| iv | Seirbhísí postachais agus teileachumarsáide | | 4,654 | 4,713 | 4,023 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 35,281 | 33,599 | 30,681 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | | 7,185 | 5,972 | 5,862 |
| vii | Seirbhísí comhairleacha agus luach ar airgead agus athbhreithniú beartas | | 208 | 129 | 365 |
| viii | Bearta forlíontacha d'fhonn leasa airgeadais an AE a chosaint | | 852 | 567 | 759 |
| ix | Seirbhísí saotharlainne | | 6,100 | 6,208 | 6,488 |
| | | | **240,945** | **237,542** | **223,461** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Rinneadh an caiteachas riaracháin a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair. Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/-€100,000).

*i* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar measta: €177.115 milliún, toradh: €172.628 milliún

Tharla easnamh €4.487 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta de bharr go raibh bille pá níos lú ná mar a measadh ann mar thoradh ar ráta ard athraithe foirne agus de bharr na neamhchinnteachta a bhain le foireann a bheith ag dul ar scor.

*ii* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar measta: €7.2 milliún, toradh: €8.624 milliún

Bhain an méadú €1.424 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le níos mó oibre a bheith i gceist i réimsí inar theastaigh ón bhfoireann tuilleadh taistil a dhéanamh.

*viii* *Bearta forlíontacha d'fhonn leasa airgeadais an AE a chosaint*

Soláthar measta: €852,000, toradh: €567,000

Ba mar thoradh ar thráthúlacht íocaíochtaí a raibh easnamh €285,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

## Clár A - Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 99,507 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,023) | | | |
| | | | | 97,484 | 96,942 | 89,808 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 38,994 | 37,632 | 34,329 |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | | | 87,077 | 86,962 | 80,177 |
| | | | | **223,555** | **221,536** | **204,314** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.042 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €3.927 milliún i gcaiteachas riaracháin.

## Clár B - Tacaíochtaí agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 53,401 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,085) | | | |
| | | | | 52,316 | 52,103 | 50,035 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | 19,268 | 18,600 | 17,253 |
| B.3 | Scéimeanna agra-chomhshaoil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 233,820 | | | |
| | | *Forlíontach* | 23,000 | | | |
| | | | | 256,820 | 256,860 | 224,469 |
| B.4 | Scéim limistéir faoi shrianta nádúrtha | | | 227,000 | 228,666 | 205,298 |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt (feirm) | | | 77,065 | 72,510 | 37,109 |
| B.6 | Clár um shonraí agus géanómaíochta mairteola | | | 49,500 | 47,451 | 47,137 |
| B.7 | Aistriú eolais | | | 23,000 | 21,665 | 13,784 |
| B.8 | Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh | | | 20,000 | 17,650 | 15,851 |
| B.9 | Scéim luathscoir | | | 1,210 | 830 | 2,504 |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 81,926 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 23,800 | | | |
| | | | | 105,726 | 94,509 | 101,574 |
| B.11 | Costais rialaithe & scéimeanna tacaíochta eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 12,232 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,300) | | | |
| | | | | 9,932 | 9,305 | 10,594 |
| B.12 | Scéimeanna eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 339 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | | | |
| | | | | 7,339 | 3,024 | 718 |
| | | | | **849,176** | **823,173** | **726,326** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár B €612,000 milliún níos airde ná mar a luadh (ar dtús). Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €1.966 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €2.578 milliún:

*B.3* *Scéimeanna agra-chomhshaoil*

Soláthar measta: €233.82 milliún, toradh: €256.86 milliún

Ba mar thoradh ar mheascán fachtóirí a bhí an méadú €23.04 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta.

- B'ionann an caiteachas deireadh faoi GLAS 2018 agus €28.978 milliún níos mó i gcomórtas leis an meastachán bunaidh. Baineadh úsáid as íocaíochtaí faoin scéim chun tacú le feirmeoirí a raibh tionchar ag an ngéarchéim fodair orthu. Rinneadh na réamhíocaíochtaí ag an ráta níos airde 85%. Bhí an meastachán bunaidh bunaithe ar íocaíocht mheasta 75%. Ina theannta sin, cuireadh líon nósanna imeachta a raibh tacaíocht TF ag dul leo i bhfeidhm agus bhíothas ábalta ráta níos airde d'éilimh a phróiseáil agus dá bharr sin, rinneadh 4,772 réamhíocaíocht bhreise i gcomórtas le 2017.
- Tharla gannchaitheamh €7.161 milliún sna scéimeanna faoi threoir áitiúil de bharr nach ndeachaigh iarratais ar aghaidh ó chéim na híocaíochta chomh tapa is a bhí beartaithe.

B.5 *Talmhaíocht agus bia a fhorbairt (feirm)*

Soláthar measta: €77.065 milliún, toradh: €72.51 milliún

Ba mar thoradh ar shábháil €3.214 milliún faoi scéim TAMS II a bhí an t-easnamh €4.555 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Scéim í seo atá bunaithe ar éileamh faoina bhfuil caiteachas ag brath ar an obair a bheith tugtha chun críche agus na héilimh ar íocaíocht a bheith curtha ar aghaidh laistigh den bhliain chéanna inár ceadaíodh í. Tharla sábháil bhreise €1.219 faoin scéim orgánaice. Is scéim í seo atá bunaithe ar éileamh chomh maith agus bhí an t-éileamh a bhí ar an scéim seo in 2018 níos lú ná mar a measadh.

B.7 *Aistriú eolais*

Soláthar measta: €23 milliún, toradh: €21.655 milliún

Bhain an t-easnamh €1.335 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta leis an síneadh ón 31 Iúil 2018 go dtí 14 Lúnasa 2018 a cuireadh ar an dáta le sonraí a chur ar aghaidh ar an gclár aistrithe eolais agus cuireadh moill ar thús a chur leis na híocaíochtaí faoin scéim sin. Ina theannta sin, de bharr tarraingt siar as scéimeanna agus de bharr go raibh leibhéal níos airde de neamhchomhlíontacht i gceist i ndáil le riachtanais, ceadaíodh níos lú cásanna le haghaidh íocaíochta sna túsrití íocaíochta sa bhliain.

B.8 *Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh*

Soláthar measta: €20 milliún, toradh: €17.65 milliún

Tharla easnamh €2.35 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta de bharr go raibh an meastachán bunaidh bunaithe ar líon na rannpháirtithe a measadh a bheadh rannpháirteach sa scéim agus na rannpháirtithe sin ag fáil na huasíocaíochta faoin scéim sin. Bhí an caiteachas iarbhír níos ísle de bharr go raibh an líon rannpháirtithe sa scéim níos ísle ná mar a bhí tuartha ar dtús agus léirítear ann chomh maith íocaíochtaí níos lú a rinneadh sa chás is gur theip ar na hiarratasóirí an líon ceart ainmhithe a choinneáil nó sa chás is gur theip orthu gníomhartha riachtanacha faoi théarmaí agus coinníollacha na scéime a thabhairt chun críche.

B.9 *Scéim luathscoir*

Soláthar measta: €1.21 milliún, toradh: €830,000

Bhain an t-easnamh €380,0000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta le laghdú ar líon na rannpháirtithe sa scéim agus í ag teacht chun deiridh.

B.10 *Foraoiseacht agus bithfhuinneamh*

Soláthar measta: €105.726 milliún, toradh: €94.509 milliún

Tharla easnamh €11.217 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar shábháil €5.087 mhilliún faoin scéim foraoisithe atá bunaithe ar éileamh agus bhí níos lú éilimh ar an scéim sin in 2018 de bharr na ndroch-choinníollacha aimsire a bhí ann in 2017/2018 agus de bharr an teaspaigh mhóir ina dhiaidh sin sa samhradh. Tharla sábháil bhreise €4.171 milliún de bharr laghdú a bheith ar an líon iarratas a rinneadh ar an scéim bóthair a bhain le saincheisteanna leanúnacha i ndáil leis na rialacháin cead pleanála. Baineann iarmhéid an easnaimh i gcaiteachas den chuid is mó le tús níos déanaí ná mar a bhíothas ag súil leis a bheith á chur le scéimeanna eile agus na híocaíochtaí á gcur siar go dtí 2019 dá bharr.

B.11 *Costais rialaithe & scéimeanna tacaíochta eile*

Soláthar measta: €12.232 milliún, toradh: €9.305 milliún

Bhí easnamh €2.927 milliún ann i gcomórtas leis an soláthar measta de bharr nár ndearnadh aon cheannachán stoic idirghabhála in 2018 agus de bharr go raibh na rátaí úis níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí sábháil €1.084 mhilliún ar na costais a bhain le hiasachtaí Idirghabhála agus FEOGA mar thoradh air sin. Bhí sábháil €1.552 milliún breise ann maidir le caillteanais Idirghabhála de bharr go bhfuil tráthúlacht agus luach aon chaillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann deacair le tuar.

*B.12 Scéimeanna eile*

Soláthar measta: €339,000, toradh: €3.024 milliún

Bhí méadú €2.685 milliún ar chaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar bhearta tacaíochta éigeandála i ndáil le fodar a iompar agus a allmhairiú a thug an tAire isteach in 2018. Bhí an tsuim fhorlíontach €7 milliún ag teacht leis an easnamh fodair a bhí tuartha mar a tuairiscíodh sna meáin agus mar a thuairiscigh Teagasc. Ní mba léir sin áfach ó na figiúirí maidir leis an méid fodair éigeandála a bhí á cheannach agus bhí easnamh i gcomórtas leis an soláthar measta mar thoradh air sin.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,219 | | | |
| | *Forlíontach* | (309) | | | |
| | | | 14,910 | 14,827 | 14,874 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 4,911 | 4,585 | 5,752 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán | | | | |
| | *Bunaidh* | 29,533 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,700) | | | |
| | | | 27,833 | 27,747 | 21,870 |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist) | | | | |
| | *Bunaidh* | 20,207 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,600) | | | |
| | | | 16,607 | 8,839 | 7,815 |
| C.5 | Deontas Teagasc | | 134,582 | 133,082 | 128,130 |
| C.6 | Deontas Bord Bia | | 41,266 | 40,383 | 40,775 |
| C.7 | Ciste Rásaíochta Capall agus Con | | 80,000 | 80,000 | 80,000 |
| C.8 | Ciste Forbartha & Nuálaíochta Tuaithe Cedra | | 1,500 | 1,501 | 1,394 |
| C.9 | Bia agus tabhartais - Clár Domhanda Bia | | | | |
| | *Bunaidh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | | 15,000 | 19,000 | 14,000 |
| C.10 | Scéimeanna iasachta mar fhreagra ar an mBreatimeacht | | 25,000 | 25,000 | — |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,280 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,400) | | | |
| | | | 13,880 | 15,156 | 23,786 |
| | | | **375,489** | **370,120** | **338,396** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár C €2.622 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €718,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €1.904 milliún:

*C.3 Taighde, cáilíocht agus deimhniúchán*

Soláthar measta: €29.533 milliún, toradh: €27.747 milliún

Tharla an t-easnamh €1.786 mhilliún i gcomórtas leis an soláthar measta mar gheall ar mheascán críonnachta ó thaobh airgid de ar dhliteanais amach anseo agus bhí laghdú ar na bronntaí nua a maoiníodh, moill ar éilimh thráinse a chur ar aghaidh, agus moill ar íocaíochtaí a phróiseáil ina dhiaidh sin mar thoradh air sin.

*C.4 Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist)*

Soláthar measta: €20.207 milliún, toradh: €8.839 milliún

Ba mar thoradh ar na fachtóirí seo a leanas a raibh an t-easnamh bunaidh €11.368 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Bhí sábháil €1.319 milliún ann de bharr go raibh na héilimh deiridh a cuireadh ar aghaidh i ndáil le deontais mhairteola agus chaorach do phróiseáil margaidh níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar gheall ar nádúr na dtionscadal infheistíochta caipitil i ndáil leis an aga moille a bhíonn idir ceadú an tionscadail agus críochnú an tionscadail, níor caitheadh aon cheann de na cistí a cuireadh ar fáil faoi na deontais infheistíochta caipitil chun cuidiú le cuideachtaí bia agus dí a mbeadh tionchar ag an mBreatimeacht orthu in 2018 agus bhí sábháil €5.181 milliún ann mar thoradh air sin. Bhí sábháil €2.781 milliún eile ann chomh maith de bharr go ndearna cuideachtaí athscrúdú ar thionscadail i bhfianaise an Bhreatimeachta ach níor baineadh amach an ráta críochnaithe tionscadail a bhí tuartha ar dtús faoin gciste iomaíochais bia mar thoradh air sin. Bhí gannchaitheamh €2.136 mhilliún ann faoi thionscnamh bia LEADER de bharr gur ceadaíodh níos lú tionscadal ná mar a bhí beartaithe.

*C.9 Bia agus tabhartais - Clár Domhanda Bia*

Soláthar measta: €Nil, toradh: €19 milliún

Bhí méadú €19 milliún ar chaiteachas a bhain leis an soláthar measta mar gheall gur iarr Stiúrthóir Feidhmiúchán an Chláir Bhia Dhomhanda ar an Roinn íocaíocht amach luath €19 milliún i ndáil le híocaíocht 2019 a mheas. D'aontaigh an Roinn glacadh leis an íocaíocht luath €19 milliún agus rinneadh an íocaíocht sin ar 20 Nollaig 2018.

## Clár D - Earnáil an Bhia Mara

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,988 | | | |
| | | *Forlíontach* | (183) | | | |
| | | | | 8,805 | 8,756 | 7,794 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | 4,257 | 4,097 | 3,616 |
| D.3 | Iascaigh | | | 32,963 | 35,195 | 27,686 |
| D.4 | Deontas Fhoras na Mara | | | 32,465 | 32,239 | 31,332 |
| D.5 | Deontas Bhord Iascaigh Mhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 39,125 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,400) | | | |
| | | | | 36,725 | 31,134 | 33,462 |
| D.6 | An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | | | 13,276 | 10,302 | 10,731 |
| D.7 | Togra leasúcháin Inis Sionnach | | | 10,000 | 9,701 | 4,099 |
| | | | | **138,491** | **131,424** | **118,720** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd bhí an glanchaiteachas a bhain le Clár D €9.65 milliún níos ísle ná mar a luadh (ar dtús). Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €392,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid €9.258 milliún:

*D.3* *Iascaigh*

Soláthar measta: €32.963 milliún, toradh: €35.195 milliún

Ba mar thoradh ar na fachtóirí seo a leanas a raibh an méadú €2.232 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Bhí sábháil €1.027 mhilliún sa chlár forbartha bia mara mar gheall gur chaith an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara níos lú den infheistíocht a bhí faighte acu maidir leis an CFP a rialú agus a chur i bhfeidhm de bharr tráthúlacht tiomantas conartha. Bhí gannchaitheamh beag ag Foras na Mara ar a chuid tionscadal pleanála spáis mara, agus chaith an DAFM níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar chúnamh teicniúil de bharr nár leanadh ar aghaidh le tairiscint maidir le conraitheoirí meastóireachta clár in 2018. Mar chothromaíocht air sin, bhí méadú €3.589 mhilliún ar chaiteachas maidir le tionscadail chaipitil incháilithe Vóta sna Cuanta Iascaigh.

*D.5* *Deontas Bhord Iascaigh Mhara*

Soláthar measta: €39.125 milliún, toradh: €31.134 milliún

Ba mar thoradh ar na fachtóirí seo a leanas a raibh an t-easnamh bunaidh €7.991 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Bhí sábháil €400,000 ar phá mar gheall nár tharla an t-earcú Breatimeachta a bhíothas ag súil leis. Bhí sábháil €4.946 milliún ar neamhphá de bharr gur íocadh €2.4 milliún as buiséad 2018 mar tharraingt anuas luath in 2017, níor íocadh €904,000 de na deontais/sonraisc go dtí 2019 agus bhí sábháil €1.642 milliún ann de bharr nach raibh rannpháirtíocht neamhleor ar scéimeanna agus moilleanna nach rabhthas ag súil leis ar chláir a chur i bhfeidhm. Tharla sábháil €2.645 milliún ar chaipiteal de bharr nár cuireadh tús le croíthionscadail sa bhliain agus de bharr nár íocadh roinnt deontas/sonrasc go dtí 2019.

*D.6* *An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara*

Soláthar measta: €13.276 milliún, toradh: €10.302 milliún

Ba mar thoradh ar na fachtóirí seo a leanas a raibh an t-easnamh €2.974 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta. Bhí sábháil €1.926 milliún i bpá agus i bpinsin mar gheall ar an moill a bhí ann struchtúir nua faoin gceadú tarmligthe a chur i bhfeidhm de bharr idirbheartaíochtaí caidrimh thionsclaíoch fadtréimhseacha agus níos lú daoine ag dul ar scor ná mar a bhí measta. Bhí sábháil neamhphá €403,000 ann de bharr sábháil ar chostais mar gheall ar threoirlínte diana soláthair a leanúint agus mar gheall nár cuireadh tús le roinnt tairiscintí a bhí beartaithe go dtí 2019. Ní dheachthas ar aghaidh le ceannach feithiclí ná le seid stórais a thógáil mar a bhí beartaithe agus bhí sábháil caipitil €645,000 ann mar thoradh air sin.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | Fo-cheannteideal | | 2018 Measta | 2018 Réadaithe | 2017 Réadaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Aisghabháil ar thuarastail, srl. ar oifigigh ar iasacht chuig comhlachtaí lasmuigh | | | 600 | 556 | 378 |
| 2 | Éarlais agus urrúis forghéillte faoi idirghabháil AE, aisíocaíocht onnmhairithe, srl. | | | 1 | 9 | 179 |
| 3 | Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile | A.3 | | 15,175 | 19,804 | 18,665 |
| 4 | Fáltais ó tháillí cigireachta tréidliachta d'onnmhairithe beo | A.3 | | 701 | 666 | 633 |
| 5 | Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta | A.3 | | 5,500 | 7,405 | 7,263 |
| 6 | Fáltais ó dhíol vacsaíní, beostoc, táirgí feirmeoireachta, etc. ag Saotharlann Taighde Tréidliachta agus feirm i mBaile an Aba; aisghabháil ar chostais choraintín in Inis Píc | A.3 | | 670 | 671 | 693 |
| 7 | Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin | C.3 | | 1,903 | 3,155 | 3,117 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú | A.3 | | 5,500 | 7,508 | 6,945 |
| 9 | Fáltais ó Choimisiún na Talún | | | 345 | 285 | 360 |
| 10 | Fáltais eile | | | 2,212 | 2,807 | 2,204 |
| 11 | Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile | B.11 | | 975 | 1,239 | 1,050 |
| 12 | Caillteanas stoic idirghabhála, etc. | B.11 | | 1 | 880 | 1,038 |
| 13 | EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe) | B.4, B.3, B.5 & B.9 | | | | |
| | *Bunaidh* | | 210,000 | | | |
| | *Forlíontach* | | 29,999 | | | |
| | | | | 239,999 | 387,280 | 169,091 |
| 14 | An Ciste Tréidliachta | A.3 | | 10,484 | 10,274 | 10,959 |
| 15 | Fáltais Ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht) | B.11 | | 1,050 | 36 | 1,187 |
| 16 | Fáltais ó fhíneálacha agus ó fhorghéillte i leith iascaigh farraige | D.3 | | 100 | 7 | 87 |
| 17 | Fáltais faoin Acht Imeall Trá 1933 agus an tAcht Maoine Stáit 1954 | D.3 | | 100 | 151 | 166 |
| 18 | Aisghabháil AE i ndáil le caiteachas ar iascaigh a chaomhnú agus a bhainistiú | D.3 | | 1 | — | — |
| 19 | Táillí ceadúnais dobharshaothraithe | D.3 | | 412 | 592 | 876 |
| 20 | Fáltais AE don EMFF | D.3 | | 12,000 | 13,596 | 16,725 |
| 21 | EFF (Iascaigh) 2007-2013 | D.3 | | 2,200 | 2,641 | 5,917 |
| 22 | Fáltais ó Chórais Bhianna Inbhuanaithe na hÉireann | | | 200 | 75 | 26 |
| 23 | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | 11,940 | 12,146 | 11,346 |
| | **Iomlán** | | | **312,069** | **471,783** | **258,905** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Tríd is tríd, bhí leithreasaí i gcabhair €189.713 milliún níos mó ná an bunmheastachán. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

3 *Aisíocaíochtaí ó tháillí tréidliachta do sheirbhísí cigireachta ag monarchana éanlaithe agus monarchana feola eile*

Soláthar measta: €15.175 milliún, toradh: €19.804 milliún

Bhí méadú €4.629 milliún ann mar gheall go raibh ardú ar fhigiúirí maraithe i 2018.

5 *Fáltais ó tháillí do sheirbhísí cigireachta ar áitribh déiríochta*

Soláthar measta: €5.5 milliún, toradh: €7.405 milliún

Bhí méadú €1.905 mhilliún ann de bharr go raibh níos mó bainne á tháirgeadh mar gheall gur cuireadh deireadh leis an gcuóta bainne i 2015.

7 *Fáltais ó Tháillí Tástála Síolta, táillí deimhnithe, táillí ceadúnais, lotnaidicídí, táillí clárúcháin etc, agus táillí ó fheirm Bhacastúin*

Soláthar measta: €1.903 milliún, toradh: €3.155 milliún

Bhí méadú €1.252 milliún ann de bharr go raibh méadú ar líon na dtáillí clárúcháin a fuarthas i leith táirgí um chosaint plandaí agus táirgí bithicídeacha a cuireadh ar an gclár náisiúnta agus léirigh sin leibhéal clárúchán níos láidre ná mar a bhíothas ag súil leis arna thiomáint ag spéis/éileamh tráchtála seachtrach.

8 *Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeora i dtreo an chostais a bhaineann leis an ngalar buaibheach a dhíothú*

Soláthar measta: €5.5 milliún, toradh: €7.508 milliún

Tharla an méadú €2.008 milliún de bharr go bhfuil na tobhaigh a bhailítear ag méadú bliain i ndiaidh bliana ó 2015 ar fud na n-earnálacha go léir, an earnáil bainne ach go háirithe, de bharr gur cuireadh deireadh leis an gcóras cuótaí i 2015.

10 *Fáltais eile*

Soláthar measta: €2.212 milliún, toradh: €2.807 milliún

Bhí méadú €595,000 ann mar gheall ar fháltais taighde bhreise agus réamh-airgeadú ón AE i ndáil le tionscadail éagsúla ERA-NET, comhaontú cómhaoinithe leis an EPA, HRB agus aisghabhálacha ar thionscadail a bhí tugtha chun críche.

11 *Costais idirghabhála mhargaidh agus costais airgeadais do bhearta rannóige (Ráthaíocht) FEOGA eile*

Soláthar measta: €975,000, toradh: €1.239 milliún

Bhain an méadú €264,000 le leibhéal níos airde de ghníomhaíocht idirghabhála a bheith ann ná mar a bhíothas ag súil leis agus bhí aisghabháil mheasta níos mó ón AE i gceist mar thoradh air sin.

12 *Caillteanas stoic idirghabhála, srl.*

Soláthar measta: €1,000, toradh: €880,000

Bhí an t-ardú €879,000 ann mar gheall go bhfuil an soláthar sin bunaithe ar fhigiúr coinneála céatadáin arna ríomh ar phionóis a gearradh agus a bhailigh an ghníomhaireacht a d'íoc maidir le híocaíochtaí faoi leith an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF). Ceadaítear an aisíocaíocht i bpróiseas imréitigh cuntas bliantúil an EAGF. Deimhnítear an figiúr deiridh i mí Aibreáin agus déantar é a aisíoc i mí an Mheithimh. Dá bhrí sin, tá sé deacair meastachán a thabhairt ar an aisíocaíocht.

13 *EAFRD (An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe)*

Soláthar measta: €210 milliún, toradh: €387.28 milliún

Ba mar thoradh ar fháltas EAFRD €82.434 milliún a rabhthas ag súil leis i mí na Nollag 2017 ach nach bhfuair an Roinn go dtí Eanáir 2018 é an méadú €177.28 milliún. Ina theannta sin, de bharr leasú a ritheadh i reachtaíocht Omnibus 2017/2393 i mí na Nollag 2017, ceadaíodh íocaíochtaí cómhaoinithe ANC arbh fhiú €85.752 milliún iad a íoc i Meán Fómhair 2018 agus cuireadh admháil leo i mí na Nollag 2018 (seachas iad a íoc i nDeireadh Fómhair agus admháil a chur leo in Eanáir 2019 mar a bhí an staid rialaithe nuair a rinneadh na meastacháin).

15 *Fáltais Ráthaíochta eile ón AE (Talmhaíocht)*

Soláthar measta: €1.05 milliún, toradh: €36,000

Bhí easnamh €1.014 milliún ann mar gheall nach raibh an scéim torthaí scoile á maoiniú níos mó ag an AE agus dá bhrí sin, níor tháinig na fáltais mheasta €1 mhilliún.

19 *Táillí ceadúnais dobharshaothraithe*

Soláthar measta: €412,000, toradh: €592,000

Bhain an méadú €180,000 leis an deacracht a bhí ann an tsuim a bheadh le fáil ag an Roinn i leith láithreacha dobharshaothraithe ceadúnaithe a mheas go díreach.

20 *Fáltais AE don EMFF*

Soláthar measta: €12 milliún, toradh: €13.596 milliún

Bhain an méadú €1.596 milliún seo le líon níos airde éileamh a bheith ann nar mar a rabhthas ag súil leis á gcur ar aghaidh lena n-aisghabháil ón AE.

21 *EFF (Iascaigh) 2007-2013*

Soláthar measta: €2.2 milliún, toradh: €2.641 milliún

Bhí an méadú €441,000 seo ann mar gheall gurbh é seo an t-iarmhéid deiridh a bhí dlite faoi phróiseas dúnta Chlár um Fhorbairt Bia Mara EFF 2007-2013.

22 *Fáltais ó Chórais Bhianna Inbhuanaithe na hÉireann*

Soláthar measta: €200,000, toradh: €75,000

Bhain an t-easnamh €125,000 le hiarrataí ar íocaíocht a rinne an cheithre ghníomhaireacht comhpháirtíochta, Teagasc, Bord Bia, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus Fiontar Éireann ar a gcionroinnt féin de chostais 2018 ach nár eisíodh iad go dtí Eanáir 2019.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Speansais dlí | — | 31 |
| Ús ar aisíoc i ndáil le tobhaigh siúcra a ró-íocadh | 428 | — |
| Cuntais ar fionraí a imréiteach | 550 | — |
| Fáltais ó dhíol talún | — | 642 |
| Seiceanna Vóta nár sóinseáladh a géilleadh | — | 72 |
| Ilfháltais a géilleadh | — | 2 |
| Curtha ar aghaidh chuig an Státchiste | (978) | (747) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

# Nóta 5 Foireann a Sholáthar agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe(coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | 4,696 | 4,594 |

## 5.2 Pá

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 221,852 | 210,291 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,082 | 1,326 |
| Liúntais eile | 1,625 | 2,034 |
| Ragobair | 3,380 | 3,606 |
| Liúntais i ndáil le sealanna oibre | 562 | 543 |
| Íocaíochtaí aiscí | 117 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 13,253 | 11,860 |
| **Pá iomlán** | **241,871** | **229,660** |

Nóta Ní bhaineann na sonraí liúntais, ragoibre agus luach saothair eile atá i nótaí 5.3 go dtí 5.5 thíos ach le foireann na Roinne agus sin amháin, agus a íoctar go díreach as an Vóta faoi chláir A go dtí D. Is féidir teacht ar fhaisnéis shonraithe a bhaineann le socruithe luacha saothair chomhlachtaí Stáit gaolmhara na Roinne i ráitis airgeadais bhliantúla na gComhlachtaí Stáit atá i gceist nó go díreach ó na Comhlachtaí Stáit atá i gceist.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 87 | 2 | 11,932 | 24,308 |
| Liúntais i ndáil le sealanna oibre | 76 | 19 | 18,990 | 20,392 |
| Liúntais eile | 637 | 6 | 20,596 | 18,041 |
| Ragobair | 769 | 88 | 38,893 | 38,926 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 293 | 120 | 42,531 | 41,846 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €1,148,330 (glan) ar an iomlán le 68 státseirbhíseach ar scor, atá ag fáil pinsean státseirbhíse, a fostaíodh arís ar bhonn táille. Tá prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 i gceist leis na táillí sin.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €475,222 (312 duine aonair) (2017: €467,101; 327 duine aonair). As sin, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm maidir le €277,398 (77 duine aonair).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú ón AE

Tugadh an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) isteach faoi Rialachán (AE) Uimh, 1290/2005 ón gComhairle. Maoiníonn an ciste EAGF íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh agus déanann an EAFRD cómhaoiniú ar bhearta forbartha faoin tuath faoi chláir forbartha tuaithe ceadaithe.

Áirítear ar ghníomhaíochtaí na Roinne bearta atá maoinithe go hiomlán ag an EAGF agus gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an EAFRD agus ón Vóta.

Áirítear i gClár B caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an EAFRD. Áirítear i gClár C chomh maith caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Tréidliachta an AE. Áirítear i gCláir C agus D caiteachas i ndáil le gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag an AE tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, 2014-2020 (EMFF). Áirítear i gClár B muirear chuig an Vóta €620,000 milliún do Mhaoiniú AE a dícheadaíodh mar gheall ar íocaíochtaí déanacha ar scéimeanna áirithe.

Áirítear sa chuntas ús €166,397 a íocadh ar iasachtaí gearrthréimhseacha €740 milliún a fuarthas ar iasacht i 2017 chun caiteachas Ráthaíochta EAGF a mhaoiniú go dtí go ndéantar é a aisghabháil ón AE. Aisíocadh na hiasachtaí, mar aon le hús, i 2018.

Fuarthas cistí gearrthréimhseacha arbh ionann iad agus €725 milliún ar an iomlán ar iasacht i 2018 chun caiteachas um Ráthaíocht EAGF a mhaoiniú go dtí go ndéantar iad a aisghabháil ón AE i 2019. Léirítear na hiasachtaí seo i ráitis airgeadais an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta (EAGF), an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) agus an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh (EMFF), oibríochtaí na hÉireann.

**Ioncam agus caiteachas atá maoinithe ag an AE arna mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| Scéim na híocaíochta dírí/scéim na buníocaíochta | 1,208 | 1,190 |
| Idirghabháil/cúnamh do stóráil phríobháideach[a] | 19.5 | 2 |
| Tacaíochtaí margaidh eile | 4.5 | 26 |
| Eile | (3) | (4) |
| **Fáltais chómhaoinithe (bearta arna gcómhaoiniú ag an AE)** [b] | | |
| An Clár Forbartha Tuaithe EAFRD | 387 | 169 |
| An Ciste Tréidliachta | 10 | 11 |
| Fáltais comhairgeadais eile | 1 | 2 |
| **Iascaigh** | | |
| EFF - An Ciste Eorpach Iascaigh 2007-2013 agus EMFF - An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh 2014-2018 [c d] | 16 | 23 |
| | **1,643** | **1,419** |

Nótaí [a] Ba mar thoradh ar an dímheas a bhí ar phúdar bainne bearrtha a bhí i stoc an €17.5 milliún.

[b] Ní thaispeántar ach an cómhaoiniú AE ar na cláir sin sa tábla seo.

[c] Tá fáltais €6 mhilliún an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh curtha ar fionraí ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair faoi Thosaíocht 3.2 an Aontais agus tá siad dlite lena scaoileadh faoi réir choinníollacht ex-ante a bheith comhlíonta. Dá bhrí sin, níl an tsuim sin san áireamh sa bhfigiúr thuas.

[d] Tá fáltais €8.672 milliún an EMFF coinnithe i gcuntas fionraí (Airleacain AE) i gcomhréir le nósanna imeachta airgeadais poiblí go dtí go mbeidh coinníollacha an athbhreithnithe ar chúlchiste an EMFF, a tugadh faoi in 2019, bainte amach ag an Roinn. Déanfar na cistí a scaoileadh ansin chuig leithreasaí i gcabhair.

## 6.2 Ró-íocaíochtaí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 1 Eanáir | 1,087 | 2,556 |
| Coigeartú maidir leis an scéim luathscoir | (7) | (35) |
| Ró-íocaíochtaí a ardaíodh sa bhliain | 20,260 | 8,985 |
| Ceartúcháin | (3,355) | (1,065) |
| Aisghabhálacha | (15,522) | (8,680) |
| Díscríobh (nóta 6.3) | (182) | (674) |
| Ró-íocaíochtaí scéime ag 31 Nollaig | **2,281** | **1,087** |

## 6.3 Díscríobh

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ró-íocaíochtaí scéimeanna:** | | |
| Luathscor ó fheirmeoireacht | — | 30,521 |
| Scéimeanna foraoiseachta | 41,758 | 82,295 |
| An scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe | 96,277 | 406,658 |
| Bisigh ilghnéitheacha AE agus scéimeanna limistéar-bhunaithe | 36,391 | 18,536 |
| Préimheanna Vóta Ilghnéitheach | 7,965 | 136,055 |
| | 182,391 | 674,065 |
| | | |
| **Custaiméirí:** | | |
| Aighneas i ndáil le riar scéime | 14,827 | — |
| Custaiméirí nach bhfuil ag trádáil a thuilleadh | 18,475 | — |
| Ceadúnais dobharshaothraithe imithe in éag/tugtha suas agus nach ndearnadh iad a athnuachan | 28,061 | 20,167 |
| Táillí cigireachta tréidliachta nach bhfuil íoctha ag comhlachtaí nach bhfuil i mbun gnó a thuilleadh | — | 502 |
| Cúiseanna eile | 2,035 | 5,048 |
| | 63,398 | 25,717 |

## 6.4 Costais cúitimh agus dlí

Déantar na costais dlí a íocadh i rith na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | Líon na gcásanna | Costais dlí arna n-íoc ag an Roinn | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | 2018 Iomlán | 2017 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh arna ndéanamh ag: fostaithe na Roinne | 14 | 46 | 223 | 143 | 412 | 238 |
| An pobal | 16 | 2 | 270 | 569 | 841 | 2,212 |
| | | **48** | **493** | **712** | **1,253** | **2,450** |

## 6.5 Tabhartais um Chabhair Bia

I mí na Nollag 2018 a chomhshínigh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chláir Bhia Dhomhanda (CBD) agus an Roinn Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí an Chláir Bhia Dhomhanda-na hÉireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú seo ar an tacaíocht níos mó a fuair CBD le linn na tréimhse sin, de réir leithroinntí buiséid bhliantúla Dháil Éireann. Rinneadh cur síos sa chomhaontú trí bliana ar leithroinntí iltaobhacha €20 milliún ar a laghad sa bhliain, agus ba €70 milliún ar a laghad iomlán leithroinnte na trí bliana.

Déantar an leithroinnt seo mar thacaíocht leanúnach ar chuspóirí straitéiseacha reatha an Chláir Bhia Dhomhanda, is iad sin:

- deireadh a chur leis an ocras tríd an teacht atá ar bhia a chosaint
- cothú a fheabhsú
- Cinnteacht bia a bhaint amach
- Tacú le cur i bhfeidhm Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (an “SFI”)
- Comhpháirtíocht do thorthaí SFI.

Scríobh Stiúrthóir Feidhmiúcháin an CBD chuig an Roinn lena fháil amach an mbeadh Éire sásta glacadh le híocaíocht amach luath ar leithroinnt 2019. Chomhaontaigh an Roinn go ndéanfaí luathíocaíocht €19 milliún i ndáil le leithroinnt 2019, agus rinneadh an íocaíocht sin ar 20 Nollaig 2018, tá an tsuim sin san áireamh sna réamhíocaíochtaí sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Is í an Chomhdháil um Chúnamh Bia an príomhchomhaontú idirnáisiúnta maidir le cúnamh bia a sholáthar agus feidhmíonn sí mar chód iompair ar an dea-chleachtas agus mar thiomantas bliantúil um chúnamh bia araon. Coimeádann an Clár Bia Domhanda an cúnamh a dheonaítear faoin gComhdháil agus baintear úsáid as chun cúnamh a chur ar fáil i gcúinsí éigeandála. B'ionann ranníocaíocht na hÉireann leis an gComhdháil um Chúnamh Bia agus €4.259 milliún in 2018 (2017: €4.587 milliún).

## 6.6 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh ionann iad agus €2.751 milliún le 108 eagraíocht leas ainmhithe (2017: €2.560 milliún).

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh ionann iad agus €5,000 le ceathrar chumann beostoic chun cláir póraithe ginealaigh a shocrú suas agus/nó na cláir sin a chothabháil.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh ionann iad agus €5,000 an ceann le ceathrar fostaithe mar chúiteamh tar éis próiseas eadrána.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh ionann iad agus €4,000 le Cathaoirleach Chomhairle Chomhairleach Leas Ainmhithe Feirme.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia arbh ionann í agus €5,000 le feirmeoir mar chúiteamh faoin scéim Scráibí.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia arbh ionann í agus €250,000 le hIonad Eachaí na hÉireann mar thacaíocht ar na costais a bhain le stádas mar shaotharlann thagartha a bhaint amach agus a choinneáil.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia le líon eagraíochtaí i dtreo chostas reatha sheónna talmhaíochta éagsúla mar seo a leanas:

| | **2018** | **2017** |
|---|---:|---:|
| | € | € |
| Irish Shows Association Ltd | 82,500 | 82,500 |
| Macra na Feirme | 75,000 | 84,000 |
| Bantracht na Tuaithe | 9,000 | 9,000 |
| Irish Country Markets Ltd | 6,000 | 6,000 |
| Cumann um Chapall Tarraingthe na hÉireann | 4,000 | — |
| Cumann na hEolaíochta Talmhaíochta | 2,000 | 2,000 |
| Trialacha Náisiúnta Madraí Caorach Bhun Clóidí | — | 4,000 |

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear sa ghéilleadh iarchurtha sábháil €22 milliún i gcaiteachas caipitil faoi na fo-cheannteidil seo a leanas.

| | | |
|---|---|---:|
| A.2 | Riarachán Chlár A | €0.34 milliún |
| B.2 | Riarachán Chlár B | €0.27 milliún |
| B.5 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt (feirm) | €4.4 milliún |
| B.10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | €10.5 milliún |
| C.4 | Talmhaíocht agus bia a fhorbairt agus a chur chun cinn (nach feirm atá i gceist) | €6.49 milliún |

## Nóta 7 Ciste Rásaíochta Capall agus Con

Cuntas na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais (fo-cheannteideal C.7) | 80,000 | 80,000 |
| Íocaíochtaí | | |
| Rásaíocht Capall Éireann | 64,000 | 64,000 |
| Bord na gCon | 16,000 | 16,000 |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

## Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil smacht ag an Roinn orthu nó atá á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil aon luacháil déanta orthu

| **Maoin** | **Limistéar (Heicteáir)** |
|---|---|
| **Corcaigh** | |
| Inis Sionnach (lena n-áirítear droichead agus bóthar rochtana) | 45.7 |
| Saotharlann tástála fola, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Saotharlann tréidliachta réigiúnach, Bóthar na Modhfheirme | — |
| Tailte, Bóthar na Modhfheirme | 2.8 |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é, Áth na gCeannaithe | 56.5 |
| Plota foraoise, Baile Átha hÚlla | 1.0 |
| Plota foraoise, Bealach Eabhra | 1.6 |
| Plota foraoise, An Baile Nua | 29.7 |
| Plota foraoise, Droichead na Bandan | 1.4 |
| Plota foraoise, Dún ar Aill | 1.1 |
| Plota foraoise, Dún Mánmhaí | 0.8 |
| Plota foraoise, Cill an Mhuilinn | 0.1 |
| Plota foraoise, Cill Ia | 7.0 |
| Plota foraoise, Cill Uird | 0.8 |
| Plota foraoise, Áth Trasna | 1.5 |
| Plotaí foraoise, Bántír | 6.2 |
| Plotaí foraoise, Dúiche Ealla | 6.5 |
| Plotaí foraoise, Cineál Aodha | 5.9 |
| Plotaí foraoise, Ros Ó gCairbe | 11.0 |
| **Dún na nGall** | |
| Ionad tástála prátaí, Ráth Bhoth | 78.0 |
| Plota foraoise, Árd an Rátha | 6.5 |
| Plota foraoise, Leitir Ceanainn | 0.2 |
| **Baile Átha Cliath** | |
| Plota foraoise, Coill an Chaoich | 0.7 |
| **Gaillimh** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| Cill Chúile | 1.7 |
| Coill na Meille | 1.3 |
| Saighleán | 1.7 |
| Ros Mór | 3.2 |
| Míleac Mór | 12.4 |
| Tailte, Coláiste Teagasc, Baile Átha an Rí | 14.0 |
| Plota foraoise, Baile na hInse | 60.7 |
| Plota foraoise, Uachtar Ard | 7.0 |
| **Ciarraí** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é, An Gleann Liath | 4.0 |
| Plota foraoise, Neidín | 0.2 |
| Plota foraoise, Cill Orglan | 28.6 |

| Maoin | Limistéar (Heicteáir) |
| --- | --- |
| **Cill Dara** | |
| Teachín Steach Cuimne, Bacastún | — |
| Tailte, Bacastún | 150.0 |
| **Cill Chainnigh** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Cill Chainnigh | — |
| Tailte, Coláiste Teagasc Chill an Dátúnaigh, Baile an Phoill | 18.0 |
| **Laois** | |
| Plota foraoise, Darú | 2.2 |
| **Liatroim** | |
| Plota foraoise, An Damhshraith | 0.4 |
| **Luimneach** | |
| Saotharlann Eolaíocht Déiríochta, Luimneach | — |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Luimneach | — |
| Plotaí foraoise, Áth Dara | 3.0 |
| **Maigh Eo** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é, Baile Mhic Craith | 12.1 |
| Plota foraoise, Béal Easa | 3.0 |
| **Uíbh Fhailí** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| An Cloichreán | 8.2 |
| Baile Uí Aogáin | 44.7 |
| Plota foraoise, Tulach Mhór | 2.5 |
| **Ros Comáin** | |
| Talamh nach talamh talmhaíochta de chuid Choimisiún na Talmhaíochta é | |
| Cloonakillig | 0.7 |
| Cluain Seanmhaoil | 33.0 |
| Cluain Fada | 2.9 |
| Cloonboley | 4.9 |
| Cloonacolly | 21.6 |
| Cléithín | 0.6 |
| Mallynahouna | 5.0 |
| Cluain Ruacháin | 21.9 |
| An Tearmann Mór | 55.3 |
| Tonrevagh | 10.8 |
| Cluain Seamhair | 18.4 |
| Clonree | 25.7 |
| Moor | 32.6 |
| Lissergool | 5.3 |
| Plotaí foraoise, Loch Cé | 32.0 |
| **Sligeach** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Sligeach | — |
| Plota foraoise, Binn Ghulbain | 0.5 |
| Plotaí foraoise, Cúil Mhuine | 1.3 |

| Maoin | Limistéar (Heicteáir) |
|---|---|
| **Tiobraid Árann** | |
| Plota foraoise, An Chloichín | 1.3 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 3.2 |
| Plota foraoise, Crois na Rae | 0.5 |
| Plotaí foraoise, Carraig na Siúire | 2.5 |
| Plotaí foraoise, Cill Síoláin | 1.9 |
| **An Iarmhí** | |
| Saotharlann Tréidliachta Réigiúnach, Baile Átha Luain | — |
| Plotaí foraoise, Baile na gCros | 0.2 |
| Plotaí foraoise, Loch Ainninn | 14.5 |
| **Loch Garman** | |
| Plota foraoise, Fotharta | 4.8 |
| Plotaí foraoise, Guaire | 11.1 |
| **Cill Mhantáin** | |
| Plota foraoise, Shelton | 0.2 |
| Plotaí foraoise, Avonmore | 1.0 |
| Plotaí foraoise, Áth na Sceire | 4.0 |
| Plotaí foraoise, Gleann Dá Loch | 7.6 |
| Plotaí foraoise, Teach Sagard | 1.4 |
| Plota foraoise, Gleann Ó Máil | 3.0 |

**Maoin ag Calafoirt Iascaigh**

Ina theannta sin, tá talamh agus foirgnimh ag sé lárionad cuain iascaigh dílsithe don Aire. Tugtar tuairisc ar leithligh orthu i gcuntas an Chiste um Lárionaid Chuanta Iascaigh.

## Aguisín B Cuntais na gComhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail an dáta ar síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deiridh agus ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta/na Roinne | An tréimhse deiridh cuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta arna fáil ag an Aire/Roinn | Dáta arna cur i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe | 2017 | 19 Nollaig 2018 | 27 Feabhra 2019 | 13 Bealtaine 2019 |
| Bord Bia | 2017 | 28 Meitheamh 2018 | 25 Iúil 2018 | 16 Deireadh Fómhair 2018 |
| Bord na gCon | 2017 | 29 Meitheamh 2018 | 2 Iúil 2018 | 19 Iúil 2018 |
| Bord Iascaigh Mhara | 2017 | 15 Meitheamh 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 27 Meán Fómhair 2018 |
| Coillte Teoranta[a] | 2017 | 26 Márta 2018 | 20 Aibreán 2018 | 30 Aibreán 2018 |
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh - Oibríochtaí na hÉireann | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 3 Eanáir 2019 | 14 Márta 2019 |
| An Ciste um Lárionaid Chuanta Iascaigh | 2017 | 21 Nollaig 2018 | 3 Eanáir 2019 | 19 Meitheamh 2019 |
| Rásaíocht Capall Éireann | 2017 | 25 Deireadh Fómhair 2018 | 9 Samhain 2018 | 28 Eanáir 2019 |
| Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann Teoranta [b] | 2017 | 22 Márta 2018 | 26 Márta 2018 | 13 Meitheamh 2018 |
| Foras na Mara | 2017 | 17 Nollaig 2018 | 17 Eanáir 2019 | 14 Bealtaine 2019 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne [c] | 2017 | 29 Márta 2018 | 29 Meitheamh 2018 | 23 Deireadh Fómhair 2018 |
| An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara | 2017 | 17 Lúnasa 2018 | 17 Meán Fómhair 2018 | 18 Deireadh Fómhair 2018 |
| Teagasc | 2017 | 21 Meitheamh 2018 | 25 Meitheamh 2018 | 18 Iúil 2018 |
| Iontaobhaí Poiblí na hÉireann | 2017 | 11 Meitheamh 2018 | 14 Meitheamh 2018 | 11 Iúil 2018 |

Nótaí [a] Ní dhéanann an ARC&C iniúchadh ar Coillte, atá ina chomhlacht tráchtála féinmhaoinithe stáit; cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 31 den Acht Foraoiseachta 1988, an t-acht faoinar bunaíodh é.

[b] Ní dhéanann an ARC&C iniúchadh ar Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 25 den Acht Groighe Náisiúnta 1945, an t-acht faoinar bunaíodh é.

[c] Ní dhéanann an ARC&C iniúchadh ar an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne, cuirtear tuarascáil bhliantúil agus cuntais na cuideachta faoi bhráid Thithe an Oireachtais de réir alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) 1994.